report 06aColourQ4 26/1/06 10:57 AM Page 1

Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004

LÉARGAS Ó NA PRÍOMHOIDÍ, NA MÚINTEOIRÍ AGUS NA TUISMITHEOIRÍ

TUARASCÁIL DON CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA

Seosamh Mac Donnacha, B.A., M.Sc.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Deireadh Fómhair 2005

report 06aColourQ4 26/1/06 10:57 AM Page 2

www.cogg.ie

RÁITEAS MISIN

Cúraimí na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chomhlíonadh go héifeachtach, go gairmiúil agus ar ardchaighdeán ar mhaithe le forás na h-earnála Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur chun cinn agus ar mhaithe le múineadh na Gaeilge i scoileanna uile na tíre

T: + 353 1 6340831 E: eolas@cogg.ie 22 plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2

report 06aColourQ4 26/1/06 10:57 AM Page 27

www.cogg.ie

COFFEYMEDIA 01 8305663 086 830 1713
graphic | web design & usability consultancy

T: + 353 1 6340831 E: eolas@cogg.ie 22 plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2

report 06aColourQ4 26/1/06 10:57 AM Page 28

report 06aColourQ4 26/1/06 11:00 AM Page 3

Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004

LÉARGAS Ó NA PRÍOMHOIDÍ, NA MÚINTEOIRÍ AGUS NA TUISMITHEOIRÍ

TUARASCÁIL DON CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA

Seosamh Mac Donnacha, B.A., M.Sc.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Deireadh Fómhair 2005

report 06aColourQ4 26/1/06 11:00 AM Page 4

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 5

CLÁR

1.	**CÚLRA AGUS MODHEOLAÍOCHT**	.01
2.	**RÓL AGUS DEARCADH NA DTUISMITHEOIRÍ**	.02
3.	**AN TUMOIDEACHAS I SCOILEANNA GAELTACHTA**	.06
4.	**DALTAÍ LE RIACHTANAIS SPEISIALTA**	.08
5.	**TÉACSLEABHAIR AGUS ÁISEANNA TEAGAISC**	.09
6.	**SCÉIM NA GCÚNTÓIRÍ TEANGA**	.10
7.	**TÚS NA LÉITHEOIREACHTA**	.10
8.	**SCOILEANNA BEAGA**	.10
9.	**TEAGMHÁIL LE SCOILEANNA EILE**	.10
10.	**GNÉITHE SONRACHA A BHAINEANN LE SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL**	.10
11.	**ÉIGINNTEACHT POLASAÍ AG AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA**	.12
12.	**ÉIGINNTEACHT POLASAÍ AG LEIBHÉAL NA SCOILE**	.13
13.	**MOLTAÍ**	.14
MOLADH 1:	POLASAÍ AGUS TREOIRLÍNTE NÁISIÚNTA	.14
MOLADH 2:	TREOIRLÍNTE DO SCOILEANNA GAELTACHTA MAIDIR LE DEA-CHLEACHTAIS CUR I BHFEIDHM CÓRAS TUMOIDEACHAIS	.15
MOLADH 3:	RÓL NA DTUISMITHEOIRÍ IN OIDEACHAS A BPÁISTÍ A FHORBAIRT	.15
MOLADH 4:	ATHBHREITHNIÚ AR NA SOCRUITHE RIARACHÁIN AGUS BAINISTÍOCHTA DO SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL ATÁ AG TEAGASC TRÍ GHAEILGE SA GHAELTACHT	.16
MOLADH 5:	CLÁR FORBARTHA GHAIRMIÚIL NA COMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA	.16
MOLADH 6:	AN TSEIRBHÍS TACAÍOCHTA DO DHALTAÍ LE RIACHTANAIS SPEISIALTA	.18
MOLADH 7:	GRÉASÁN NÁISIÚNTA DO PHRÍOMHOIDÍ GAELTACHTA	.18
MOLADH 8:	SEIRBHÍS TACAÍOCHTA DO MHÚINTEOIRÍ ÁBHAIR AG AN DARA LEIBHÉAL	.18
MOLADH 9:	AN SOLÁTHAR D'ÁBHAR LÉITHEOIREACHTA I NGAEILGE	.19

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 6

1. CÚLRA AGUS MODHEOLAÍOCHT

Is tuarascáil í seo ar thaighde a rinne Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus An Díseart, An Daingean, ar staid reatha na scoileanna Gaeltachta don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Tá an taighde bunaithe ar cheistneoirí a dáileadh ar phríomhoidí bunscoileanna Gaeltachta i mí na Samhna 2003 agus ar phríomhoidí na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta i mí Eanáir 2004. Tugadh cuairt ar na scoileanna chun na ceistneoirí a bhailiú agus chun labhairt leis na príomhoidí sa tréimhse idir Nollaig 2003 – Márta 2004. D'fhreagair 129 [90%] bunscoil as an 143 bunscoil sa Ghaeltacht an ceistneoir agus d'fhreagair 27 [90%] iar-bhunscoil as an 30 iar-bhunscoil sa Ghaeltacht an ceistneoir.

I mí Aibreáin agus Bealtaine 2005 reáchtáladh sraith cruinnithe fócais le príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí ó scoileanna Gaeltachta chun a dtuairimí a fháil faoin bhfaisnéis a bailíodh sa taighde ar Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta [2004] agus chun a dtuiscint ar na dúshláin agus na laincisí atá le sárú acu a phlé.

Reáchtáladh cruinniú le naoi ngrúpa fócais ar fad. Reáchtáladh dhá chruinniú i gCo. Dhún na nGall, ceithre chruinniú i gCo. na Gaillimhe, agus trí chruinniú i gCo. Chiarraí. Is tuismitheoirí amháin a bhí i láthair ag trí cinn de na cruinnithe, príomhoidí amháin a bhí i láthair ag dhá chruinniú, bhí meascán de phríomhoidí agus múinteoirí i láthair ag dhá chruinniú eile, reáchtáladh aon cruinniú amháin do phríomhoidí dara leibhéal agus aon chruinniú amháin do múinteoirí acmhainne agus tacaíochta [Tábla 1].

TÁBLA 1: LÍON AGUS COMHDHÉANAMH NA GCRUINNITHE FÓCAIS

I láthair	Líon na gcruinnithe
Príomhoidí bunscoile	2
Príomhoidí agus múinteoirí bunscoile	2
Múinteoirí tacaíochta/acmhainne	1
Príomhoidí/múinteoirí dara leibhéal	1
Tuismitheoirí	3
Iomlán	9

Mar a léiríonn Tábla 2, d'fhreastail 15 phríomhoide agus 9 múinteoir bunscoile; 10 bpríomhoide/múinteoir dara leibhéal agus 26 tuismitheoir ar na cruinnithe.

TÁBLA 2: LÍON NA BPRÍOMHOIDÍ, NA MÚINTEOIRÍ AGUS NA DTUISMITHEOIRÍ A D'FHREASTAIL AR NA CRUINNITHE FÓCAIS

I láthair	Líon daoine i láthair
Príomhoidí bunscoile	15
Múinteoirí bunscoile	9
Príomhoidí/múinteoirí dara leibhéal	10
Tuismitheoirí	26
Iomlán	60

Ag na cruinnithe déanadh cur i láthair gearr ó bhéal ar thorthaí an taighde ar Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta [2004] agus ansin pléadh téamaí áirithe a eascraíonn as an taighde sin agus a bhain go sonrach leis an ngrúpa daoine a bhí i láthair. Pléadh téamaí áirithe a bhí roghnaithe roimh ré agus téamaí eile a d'ardaigh na rannpháirtithe féin mar chuid den phlé. Mhair gach cruinniú idir uair go leith agus dhá uair an chloig.

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 7

2. RÓL AGUS DEARCADH NA DTUISMITHEOIRÍ

Ceann de na mórcheisteanna a eascraíonn as aon phlé ar chúrsaí oideachais Gaeltachta sa lá atá inniu ann, is ea céard é mian agus dearcadh na dtuismitheoirí chomh fada agus a bhaineann sé le hoideachas a bpáistí agus cén dearcadh atá acu ar oideachas trí mheán na Gaeilge. Cíoradh an cheist seo sna grúpaí fócais seo, chun a fháil amach:

[a] Ar bhraith na príomhoidí agus na múinteoirí go raibh brú ag teacht orthu ó thuismitheoirí iompú ar an teagasc trí Bhéarla.

[b] Cén dearcadh atá ag tuismitheoirí atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge [iad siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair Catagóir A agus B go háirithe] ar an tseirbhís oideachais atá ar fáil dá gclann.

[c] Cén t-éileamh atá ag tuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Béarla sa Ghaeltacht ar oideachas a bheith á chur ar fáil trí Ghaeilge dá leanaí.

Bhí na príomhoidí a ghlac páirt sna cruinnithe fócais ó scoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge ar fad den tuairim nach raibh aon bhrú mór ag teacht ó thuismitheoirí iompú ar theagasc trí mheán an Bhéarla ina gcuid scoileanna. Thuairisc siad go mbíonn cásanna aonair ó am go chéile nuair a bhogann tuismitheoirí isteach sa cheantar ó áit éigin eile in Éirinn nó ó thar lear agus go mbíonn siad ag súil gur féidir a bpáistí a theagasc trí Bhéarla, ach ar an iomlán dúirt siad nach bhfuil aon bhrú mór ag teacht orthu iompú ar an mBéarla mar mheán teagaisc. Bhí an tuairim go láidir ina measc nach dtiocfaidh brú ó thuismitheoirí faoin teanga atá in úsáid mar mheán teagaisc sa scoil chomh fada agus a bhraitheann siad go bhfuil ag éirí go maith lena leanaí sa scoil agus go bhfuil siad sásta le caighdeán oideachais na scoile go ginearálta. Mheas príomhoide amháin, atá ag múineadh i scoil atá i gCatagóir C, mar shampla, nach raibh 'aon deacracht ag na tuismitheoirí leis an scoil a bheith ag teagasc trí Ghaeilge chomh fada agus go bhfuil na leanaí ábalta a gceachtanna a dhéanamh sa bhaile' agus bhí sé den tuairim go mbeadh na tuismitheoirí 'isteach an doras agat mura mbeidís sásta' leis an scoil a bheith ag teagasc trí Ghaeilge.

Ar an lámh eile, bhí na príomhoidí a ghlac páirt sna cruinnithe fócais agus atá i scoileanna atá ag múineadh trí Bhéarla cheana féin den tuairim nach mbeadh sé inghlactha do thuismitheoirí a gcuid scoileanna dá dtosódh siad ag teagasc trí Ghaeilge arís de bharr an chleachtadh a bhí acu go dtí seo.

In ainneoin, áfach, nach bhfuil brú ag teacht ó thuismitheoirí fhormhór na scoileanna imeacht ón teagasc trí Ghaeilge, feiceann na príomhoidí agus na múinteoirí Gaeltachta gur gá forbairt a dhéanamh ar an ról teanga agus oideachais atá ag tuismitheoirí Gaeltachta má tá na múinteoirí, mar oideachasóirí, le hoideachas den scoth a chur ar fáil trí Ghaeilge do dhaltaí Gaeltachta. Tá sé seo fíor ach go háirithe i gcás scoileanna atá lonnaithe sna ceantair sin ina bhfuil an Béarla in uachtar mar theanga baile agus, arb í an fhadhb is mó dar leis na príomhoidí 'nach bhfuil Gaeilge á labhairt sa bhaile ag na daltaí' agus gurb é an tacaíocht is mó a theastaíonn ó na scoileanna 'ná spéis na dtuismitheoirí sa bhaile'.

Bhí na tuairimí seo cóngarach go maith do na tuairimí a léirigh na tuismitheoirí féin sna grúpaí fócais. Sa ghrúpa fócais ina raibh formhór na dtuismitheoirí ag tógáil a bpáistí le Béarla, dúirt na tuismitheoirí a bhí i láthair go gcuirfeadh siad a bpáistí chuig scoil a bhí ag teagasc trí Ghaeilge, dá mbeadh rogha acu. Bhí cúiseanna éagsúla acu leis seo: taitníonn an Ghaeilge leo féin, bhí Gaeilge acu féin agus theastaigh uathu go mbeadh Gaeilge ag na leanaí, theastaigh uathu go mbeadh na leanaí dátheangach agus/nó bheadh buntáistí le fáil ag a gcuid leanaí as an nGaeilge amach anseo. Dúirt na tuismitheoirí seo, gur thuigeadar go raibh sé tábhachtach go n-úsáidfidís féin an oiread Gaeilge agus is féidir sa bhaile, ach i gcás cuid acu ní raibh dóthain Gaeilge acu leis sin a dhéanamh. Thuairisc cuid de na tuismitheoirí a bhí ar bheagán Gaeilge iad féin, gur bhraith siad gur beag áiseanna foghlama a bhí ar fáil do thuismitheoirí le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus chun cabhrú le Gaeilge na bpáistí sa bhaile. Bhí taithí ag beirt de na tuismitheoirí seo ar scéim cúntóirí teanga faoina raibh cúntóir teanga ag tabhairt cuairteanna ar an teach uair in aghaidh na seachtaine agus ag déanamh

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 8

seisiún teanga leo féin agus leis na leanaí. Mheas siad go mba mhór an chabhair é seo mar gur thug sé deis dóibh féin agus do na páistí Gaeilge a chleachtadh agus iad i mbun plé faoi rudaí a bhain lena ngnáthshaol. Mhol siad go ndéanfaí forbairt ar sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh den chineál seo le freastal ar thuismitheoirí a thagann ó lasmuigh den Ghaeltacht. Bhí na tuismitheoirí sa ghrúpa fócais seo ag súil go leanfadh a gcuid páistí ar aghaidh le hoideachas trí Ghaeilge ag an dara leibhéal, agus bhíodar míshásta de bharr nach bhfuil sé sin ar fáil ach go dtí leibhéal an Teastais Shóiséaraigh faoi láthair sa cheantar atá i gceist.

I gcás an dá ghrúpa fócais eile ina raibh tuismitheoirí rannpháirteach, ba thuismitheoirí iad a raibh a gcuid leanaí ag freastal ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna atá i gCatagóir A agus i gCatagóir B [féach Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta [2004]]. Mar fhreagra ar an gceist 'céard atá sibh ag súil leis ón gcóras oideachais sa Ghaeltacht' dúirt siad gurb é a bhí de dhíth orthu dá gclann ná 'oideachas den scoth trí mheán na Gaeilge', agus dúirt siad go neamhbhalbh nach raibh sé seo á chur ar fáil dóibh i ngach ábhar. Cé go raibh cuid acu a bhí sásta go ginearálta le cur chuige na scoile ar a raibh a gcuid leanaí ag freastal, bhí a bhformhór den tuairim nach rabhthas ag freastal go héifeachtach ar an gceart a bhí acu oideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil dá gcuid leanaí.

Dar leo, bhí a gcuid leanaí ag freastal ag scoileanna a bhí, i dtéarmaí praiticiúla, ag feidhmiú go dátheangach. I dtéarmaí an tionchair atá aige seo ar chumas agus ar iompar teanga dhaltaí Gaeltachta, b'ionann é, dar le tuismitheoir amháin agus a chlann a bheith ag freastal ar scoil atá ag teagasc trí Bhéarla. Bhí an dearcadh go láidir i measc na dtuismitheoirí seo gur theastaigh uathu go mbeadh na hábhair scoile ar fad á dteagasc dá gcuid leanaí trí Ghaeilge amháin agus go mbeadh a gcuid daltaí ag meascadh le daltaí eile a raibh dóthain Gaeilge acu le go bhféadfaí a bheith ag súil leis gur Gaeilge a bheadh mar ghnáth-theanga chaidrimh na ndaltaí i dtimpeallacht na scoile agus lasmuigh den scoil. Sa chomhthéacs seo thuairisc siad gurb é a dtaithí, ag an dara leibhéal go háirithe, go mbíonn daltaí ag freastal orthu nach bhfuil a gcuid bunoideachais faighte trí Ghaeilge acu, nach labhraíonn Gaeilge sa bhaile agus nach dteastaíonn uathu a bheith ag freastal ar scoil atá ag teagasc trí Ghaeilge ach atá á dhéanamh sin de bharr nach bhfuil aon rogha oideachas dara leibhéal eile ar fáil sa cheantar. Cruthaíonn sé seo teannas sa scoil, go háirithe nuair a bhíonn grúpa mór nó móramh ag daltaí den chineál sin sa scoil, agus is é an toradh a bhíonn air seo, ná go mbíonn na daltaí atá á dtógáil le Gaeilge faoi bhrú cúl a thabhairt leis an nGaeilge ón gcéad lá a thosaíonn siad sa scoil.

D'fhiafraigh na tuismitheoirí seo, go sonrach, an bhfuil sé de cheart acu oideachas trí Ghaeilge a éileamh dá leanaí [eadhon, oideachas i scoil atá ag feidhmiú go huile agus go hiomlán trí Ghaeilge].

Thuairisc cuid de na tuismitheoirí seo, go raibh cúrsaí imithe in olcas ó bhí siad féin ag freastal ar an gcóras dara leibhéal. Thuairisc máthair amháin go mbíodh gach rud á mhúineadh trí Gaeilge nuair a bhí sí féin ag freastal ar an dara leibhéal ach nach bhfuil sé sin amhlaidh anois. Thuairisc tuismitheoir eile, nár tógadh í féin le Gaeilge, de bharr nach raibh Gaeilge ag a máthair, ach gur fhoghlaim sí Gaeilge ar scoil. Níor chreid sí go bhféadfadh an rud céanna tarlú lena clann féin inniu. Dúirt beirt thuismitheoirí eile, gur bhraith siad go bhfuil an scéal imithe in olcas ó bhí an chuid is sine dá gclann féin ag freastal ar scoil. Eadhon, nach bhfuil an tacaíocht teanga chéanna á fáil ag na leanaí is óige acu ón gcóras oideachas agus a bhí ag na leanaí is sine sa teaghlach, agus dá réir sin nach bhfuil an saibhreas céanna teanga ag na leanaí is óige agus atá ag na leanaí is sine.

Léirigh na tuismitheoirí tuiscint ar na deacrachtaí atá ag na scoileanna le hoideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil. Tuigeann siad go mbíonn sé fíordheacair ag scoileanna teacht ar mhúinteoirí atá ábalta teagasc trí mheán na Gaeilge, go háirithe ag an dara leibhéal. Tuigeann siad nach bhfuil dóthain áiseanna teagaisc agus ábhair leitheoireachta ar fáil i nGaeilge agus nach bhfuil cuid de na háiseanna teagaisc atá ar fáil oiriúnach. Tuigeann siad freisin go mbíonn brú ar scoileanna líon na ndaltaí sa scoil a choinneáil chomh hard agus is féidir chun go mbeidh an scoil inmharthana. Luadh ag cruinniú fócais amháin, freisin, nach bhfuiltear ag caitheamh go cothrom le scoileanna Gaeltachta de bhrí nach gcuirtear san áireamh sa tacaíocht a chuirtear ar fáil dóibh ná sa choibhneas dalta:múinteoirí faoina bhfuil siad ag feidhmiú go bhfuil cúraimí breise ar

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 9

scoileanna Gaeltachta seachas mar a bhíonn ar scoileanna eile, eadhon, go bhfuil orthu 'cumas den scoth i labhairt agus i scríobh dhá theanga a thabhairt do dhaltaí.'

Agus é sin ráite, áfach, cheistigh siad cuid de na cleachtais a bhíonn á leanúint ag scoileanna áirithe sa Ghaeltacht, a bhí dar leo, glan i gcoinne na ndea-chleachtas go mbeifí ag súil leis i scoileanna a bhí tiomanta d'oideachas den scoth a chur ar fáil trí Ghaeilge agus a bhfuil dualgas reachtúil orthu 'cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail' [mír 9[h], An tAcht Oideachais, 1998].

Bhí na tuismitheoirí a bhfuil leanaí acu ag freastal ar scoileanna dara leibhéal sa Ghaeltacht, go háirithe, clamhsánach faoi iar-bhunscoileanna Gaeltachta atá ag freastal ar abhantrach scoile nach bhfuil sa Ghaeltacht agus/nó ag mealladh daltaí ó na ceantair sin nó ó bhunscoileanna nach bhfuil ag teagasc trí Ghaeilge. Bhí siad den tuairim gurb é an toradh a bhí ar an gcleachtas seo ná go mbíonn ar chuid de na scoileanna seo ranganna áirithe a theagasc trí Bhéarla chun freastal ar riachtanais chuid de na daltaí a bhíonn i gceist, nó ar a laghad go ndéanann sé níos deacra don scoil é an teagasc ar fad a dhéanamh trí Ghaeilge. Ina theannta sin, ciallaíonn sé go mbíonn a gcuid leanaí féin atá á dtógáil le Gaeilge ag measc adh le daltaí eile nach bhfuil taithí acu ar a bheith ag labhairt Gaeilge go sóisialta agus gurb é an toradh a bhíonn air seo, go ndéantar normalú ar úsáid an Bhéarla mar theanga chaidrimh shóisialta ina measc.

Ina theannta sin, thug cuid de na tuismitheoirí samplaí de chleachtais a bhí feicthe nó cloiste acu ón a gcuid leanaí féin, nach raibh inghlactha, dar leo. Tuairiscíodh, mar shampla:

- Go bhfuil an claonadh ag bunscoileanna áirithe leanaí a bhfuil Gaeilge mhaith acu a chur i ngrúpaí le leanaí atá ar bheagán Gaeilge, gan riachtanais theangeolaíocha [Ghaeilge agus Bhéarla] na leanaí le Gaeilge mhaith ná mianta a gcuid tuismitheoirí a chur san áireamh.
- Go raibh taithí ag cuid de na tuismitheoirí ar mhúinteoirí a bheith ag cur nótaí ranga ar fáil i nGaeilge 'a bhíonn aistrithe go dona'.
- Go mbíonn an t-ábhar léitheoireachta a chuirtear ar fáil don Ghaeilge féin i bhfad róshimplí – thuairisc tuismitheoir amháin nach spéis lena leanbh féin aon leabhar Ghaeilge a léamh níos mó de bharr gurb é a t[h]aithí go mbíonn na leabhar a chuirtear ar fáil sa scoil i bhfad róshimplí. Sa chomhthéacs seo d'fhiafraigh tuismitheoirí i gceantar amháin cén fáth nach mbíonn níos mó deise curtha ar fáil do na leanaí le heolas a chur ar an litríocht shaibhir a eascraíonn ón gceantar féin.
- Go bhfuil a mhalairt d'fhadhb leis na téacsleabhair Ghaeilge a chuirtear ar fáil d'ábhair scoile eile – an Ghaeilge iontu a bheith i bhfad ródheacair le léamh [seachas an téacsleabhar atá ar fáil don mhiotalóireacht ag an dara leibhéal].
- Thuairisc tuismitheoir amháin faoi mhúinteoir nua i scoil a ghabh leithscéal leis an rang de bharr nach raibh aon Ghaeilge aige/aici agus ansin a thosaigh ag teagasc trí Bhéarla.

Agus iad ag labhairt faoi na scoileanna dara leibhéal, go háirithe, bhí na tuismitheoirí seo an-mholtach ar na scoileanna lánGhaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Bunaithe ar a dtaithí féin nó ar thuairiscí a bhí faighte acu, bhí siad den tuairim go bhfuil na scoileanna seo ábalta daltaí ar bheagán nó gan aon Ghaeilge a theagasc trí Ghaeilge agus cuireann siad nótaí ranga den scoth ar fáil i nGaeilge do na daltaí. Ba dheacair le cuid de na tuismitheoirí sna grúpaí fócais a thuiscint cén fáth nach bhféadfadh scoileanna dara leibhéal laistigh den Ghaeltacht feidhmiú ar an mbonn céanna, agus iad ag freastal, den chuid is mó ar dhaltaí a raibh Gaeilge acu ag teacht chun na scoile.

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 10

Ar an iomlán mheas na tuismitheoirí go raibh an dúshlán i bhfad níos mó ag an dara leibhéal ná ag an mbunleibhéal. Bíonn na daltaí ag meascadh le níos mó cainteoirí Béarla nuair a théann siad go dtí an dara leibhéal agus méadaíonn an brú óna n-aoisghrúpa féin, dá réir, Béarla a labhairt. Níl an méid céanna téacsleabhar i nGaeilge ar fáil ag an dara leibhéal, agus ina theannta sin, dúirt cuid de na tuismitheoirí go mbraitheann siad go n-úsáideann cuid de na múinteoirí an t-easpa téacsleabhar mar leithscéal chun gan teagasc trí Ghaeilge. D'iarr na tuismitheoirí ag cruinniú fócais amháin go ndéanfaí athbhreithniú ar na socruithe atá i bhfeighil chun oideachas dara leibhéal a chur ar fáil sa cheantar lena mbaineann siad féin, agus go mbunófaí dhá scoil – scoil amháin ag teagasc go huile agus go hiomlán trí Ghaeilge agus an scoil eile ag teagasc trí Bhéarla, nó, ar a laghad go mbeadh scoil lánGhaeilge ann le sruth Béarla, sa chaoi nach mbeadh oideachas trí Ghaeilge á bhrú ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí nach dteastaíonn sin uathu, mar gurb é an toradh a bhíonn ar sin, ná go gcríochnaíonn a gcuid leanaí féin suas mar mhionlach i measc grúpa mór daltaí gur beag spéis leo an Ghaeilge i ndáiríre.

Na tuismitheoirí a thuairisc go rabhadar sásta leis an tacaíocht teanga a bhí á fáil acu ón scoil, dúirt siad go raibh polasaí dian ag na scoileanna atá i gceist ó thaobh na Gaeilge. D'aithin siad go mbíonn sé deacair a bheith ag faire ar iompar teanga na leanaí an t-am ar fad agus i ngach suíomh, ach bhí siad den tuairim go raibh níos mó Gaeilge á labhairt ag daltaí na scoileanna seo i dtimpeallacht na scoile agus lasmuigh den scoil de bharr go raibh polasaí láidir Gaeilge ag an scoil agus go raibh sé á chur i bhfeidhm go gníomhach.

Bhí na dtuismitheoirí ar fad den tuairim go mba é polasaí na scoileanna ar a raibh a gcuid leanaí ag freastal tacú leis an nGaeilge, ach nach raibh an polasaí sin sonraithe i gceart i ngach cás, agus nár thuig na boird bhainistíochta ná na múinteoirí conas an polasaí a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm. Thuairisc tuismitheoir amháin, mar shampla, gur chuir sé/sí ceist an raibh polasaí Gaeilge ag an scoil agus gur dúradh leis/léi go raibh. Nuair a lorg sé/sí cóip den pholasaí dúradh leis/léi gurb é polasaí na scoile ná 'go ndéantar gach rud trí Ghaeilge'. In ainneoin sin, ní raibh sé i bhfad ina dhiaidh sin nuair a tháinig a leanbh abhaile ón scoil le bileog eolais a bhí i mBéarla amháin faoi ócáid a bhí ar siúl go háitiúil agus tuigeadh dó/di gur tháinig cuairteoir chuig an scoil chun labhairt faoin ócáid chéanna agus gur labhair sé/sí i mBéarla amháin leis na daltaí. Nuair a fiafraíodh de na tuismitheoirí an bhfaca siad féin cóip polasaí Gaeilge na scoile ariamh dúirt siad nach bhfaca. Nuair a fiafraíodh díobh ar cuireadh ar an eolas iad faoi pholasaí Gaeilge na scoile agus iad ag clárú a bpáistí sa scoil dúirt siad nár cuireadh.

I bhfianaise seo mhol na tuismitheoirí go mbeadh oiliúint ar fáil do phríomhoidí agus do bhoird bainistíochta i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm polasaithe Gaeilge i scoileanna Gaeltachta. Mhol siad freisin go gclúdódh a leithéid de pholasaí teanga iompar teanga na dtuismitheoirí i dtimpeallacht na scoile. Moladh freisin go mbeadh polasaí faoi leith ann chun déileáil le daltaí a thagann isteach sa cheantar gan aon Ghaeilge – gur chóir go mbeadh orthu freastal ar chúrsa speisialta Gaeilge i rith an tsamhraidh sula dtosaíonn siad ar scoil.

Labhair na tuismitheoirí i ngrúpa fócais amháin ar na deacrachtaí a chothaíonn na laigí sa chóras oideachais dóibh féin agus iad ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge. Bhíodar den tuairim mura mbíonn na hábhair á múineadh go hiomlán sa teanga atá á labhairt sa bhaile go gcuireann sé leis an mbrú atá ar na gasúir iompú ar an mBéarla. Tagann sé go dtí an staid, a dúirt tuismitheoir amháin, go gceapann na leanaí atá ag labhairt Gaeilge sa bhaile gurb iadsan atá mícheart – ceapann siad gurb é an Béarla atá ceart - an rud atá 'normálta' anois. Fágann an comhthéacs ina bhfuil na scoileanna ag feidhmiú anois, na scoileanna dara leibhéal go háirithe, gur beag comhluadar labhartha Gaeilge dá n-aois féin atá ag cuid de na leanaí. Tá an deacracht seo níos géire i gceantair ina bhfuil rogha de scoileanna dara leibhéal ag daltaí, de bharr go dtéann daltaí a bhfuil cleachtadh acu a bheith ag labhairt Gaeilge lena chéile sa bhunscoil chuig scoileanna dara leibhéal éagsúla, áit a mbíonn orthu cairde nua a dhéanamh, agus gur trí Bhéarla a dhéantar na cairdis sin a chothú go hiondúil. Nuair a mheascann daltaí le Gaeilge le daltaí gan Gaeilge nó ar bheagán Gaeilge iompaíonn siad ar an mBéarla – ní iompaíonn na daltaí le Béarla ar an nGaeilge.

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 11

Measann go leor de na tuismitheoirí gur maolú seachas feabhas a thagann ar chumas Gaeilge a gcuid leanaí nuair a théann siad ar scoil. Deir siad go bhfuil an claonadh ag múinteoirí áirithe sna bunscoileanna iompú ar an nBéarla sa rang le go mbeidh na daltaí gan Gaeilge ábalta iad a thuiscint agus go mbíonn an oiread sin Béarla in úsáid sa suíomh ranga go bhfuil téarmaíocht an Bhéarla ag truailliú Gaeilge na leanaí atá á dtógáil le Gaeilge. Dúirt tuismitheoir amháin gur fearr an Ghaeilge a bhí ag a leanbh féin ar fhágáil an naíonra dó/di, ná mar atá aige/aici anois tar éis trí bliana a chaitheamh sa bhunscoil. Dúirt tuismitheoir eile go gcuireann sé frustrachas uirthi féin a clann a chloisteáil ag caint faoi chuid de na hábhair scrúduithe [don Teastas Sóiséaraigh agus don Ardteistiméireacht] a dhéanamh trí Bhéarla – de bharr gur mó taithí atá acu ag plé na n- ábhar sin sa rang trí Bhéarla. Is ábhar lagmhisnigh agus frustrachas na rudaí seo ar fad do na tuismitheoirí atá i gceist. Braitheann siad go bhfuil a gcuid iarrachtaí féin a gclann a thógáil le Gaeilge cealaithe de bharr nach bhfuil institiúidí oideachais lánGhaeilge ar fáil dóibh agus, is minic, go gcothaíonn sé teannas sa teaghlach de bharr go mbíonn orthu san a bheith ag seasamh i gcoinne an iompair Bhéarla atá á shealbhú ag a gcuid leanaí sa chóras oideachais Gaeltachta.

Bhraith na tuismitheoirí i ngrúpa fócais amháin, go raibh an-fheabhas tagtha ar stádas na Gaeilge mar theanga teaghlaigh sa cheantar atá i gceist le roinnt blianta anuas, eadhon, go bhfuil níos mó leanaí á dtógáil le Gaeilge sa cheantar anois ná mar a bhí cúig bliana déag nó scór blianta ó shin agus go bhfuil teaghlaigh sa phobal ag déanamh iarracht an-mhór anois Gaeilge a thabhairt dá gcuid leanaí. In ainneoin sin, áfach, braitheann siad gur chun donais atá an córas oideachais imithe chomh fada agus a bhaineann sé le hoideachas den scoth a chur ar fáil trí Ghaeilge agus go bhfuil sé níos measa anois ná mar a bhí sé ariamh.

3. AN TUMOIDEACHAS I SCOILEANNA GAELTACHTA

Mar a léiríonn an taighde Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta [2004], cothaíonn an meascán teanga a bhíonn ag daltaí a thagann chuig na scoileanna Gaeltachta dúshlán faoi leith do na scoileanna atá tiomanta don teagasc trí Ghaeilge. Dhealródh sé gurb é an bealach is éifeachtaí chun déileáil leis an gceist seo ná trí na cleachtais a bhaineann le córas tumoideachais a fheidhmiú sna scoileanna sin a bhfuil céatadán suntasach dá gcuid daltaí ag teacht chun na scoile ó chúlra teanga Béarla.

Ní léir, áfach, go bhfuil foráil cheart déanta do na riachtanais seo sna polasaithe éagsúla oideachais agus sna struchtúir tacaíochta oideachais éagsúla a mbíonn tionchar shuntasach acu ar fheidhmiú an chórais oideachais Gaeltachta. Mar shampla:

- Níl an tumoideachais san áireamh san oiliúint réamhsheirbhíse ná ionghairme a chuirtear ar mhúinteoirí.
- Táthar ag iarraidh, i gcásanna áirithe, ar scoileanna Gaeltachta atá ag teagasc trí Ghaeilge daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a theagasc trí Bhéarla.
- Níl soláthar déanta sa chóras múinteoireachta acmhainne agus tacaíochta do mhúinteoireacht acmhainne agus tacaíochta sa Ghaeilge féin [cé go bhfuil sé mar pholasaí ag cuid de na scoileanna go gcuirtear tacaíocht ar fáil don teanga sin], agus i scoileanna áirithe déantar an mhúinteoireacht acmhainne agus tacaíochta sa mhatamaitic trí Bhéarla.
- Is trí Ghaeilge a dhéantar na tástálacha cumais ar pháistí bunscoile sa Ghaeltacht.

Toradh amháin atá air seo go léir, nach bhfuil boird bhainistíochta, príomhoidí agus múinteoirí Gaeltachta soiléir faoi na prionsabail a bhaineann leis an tumoideachas ná faoi na dea-chleachtais a bhaineann lena chur i bhfeidhm go héifeachtach. Sa phlé ar an gceist seo sna cruinnithe fócais, ba léir i gcásanna áirithe, go raibh sé deacair ag cuid de na príomhoidí/múinteoirí a shamhlú go bhféadfaí a leithéid de chur chuige a chur i bhfeidhm i scoileanna Gaeltachta. Cheistigh cuid de na múinteoirí sna grúpaí fócais mar shampla, an raibh sé réalaíoch a bheith ag súil go bhféadfaí daltaí a thagann chun na scoile gan aon Ghaeilge a theagasc trí

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 12

mheán na Gaeilge amháin. I bhfianaise nach gcuimsíonn oiliúint mhúinteoirí na cleachtais a bhaineann le múineadh trí mheán an dara teanga agus nach bhfuil aon taithí ag formhór mhúinteoirí na Gaeltachta a bheith ag múineadh i gcóras tumoideachais níl na scileanna acu i ngach cás a chuirfeadh ar a gcumas dul i muinín na Gaeilge amháin agus iad ag plé le daltaí atá ar bheagán Gaeilge. An toradh atá air seo, go bhfuil an claonadh i go leor scoileanna druidim i dtreo meascán éigin de Bhéarla agus de Ghaeilge a úsáid sa scoil le gnáthdhaltaí na scoile.

Thuairisc na príomhoidí agus na múinteoirí sna grúpaí fócais go gcuirtear go mór leis na deacrachtaí a bhíonn acu agus iad ag iarraidh an teagasc trí Ghaeilge a bhuanú sa scoil agus úsáid na Gaeilge a chothú i measc na ndaltaí nuair a thagann brú orthu:

- Glacadh le daltaí sna hardranganna sa scoil nach mbíonn aon chúlra Gaeilge acu. Thuairisc príomhoide amháin, mar shampla, gurb é a thaithí go bhféadfadh an-dul chun cinn a bheith déanta ag daltaí agus iad sna bunranganna ach nuair a thagann daltaí gan Ghaeilge isteach sa rang-ghrúpa agus iad sna hardranganna, go gcothaíonn sé deacracht do na múinteoirí atá ag iarraidh an dalta sin a mhúineadh trí Ghaeilge, agus ina theannta sin go mbíonn claonadh ag na daltaí eile iompú ar an mBéarla ina measc féin mar thoradh ar thionchar an Bhéarlóra ina measc. Bhí an príomhoide seo den tuairim go mbeadh scoileanna Gaeltachta ní b'fhearr as dá mbeadh polasaí acu gan glacadh le leanaí gan Ghaeilge ó na bunranganna ar aghaidh.
- Nuair a fhaigheann siad comhairle ó shíceolaí nó ó shaineolaí eile gur chóir cloí le teanga amháin nó le Béarla amháin agus iad ag déileáil le daltaí áirithe a bhfuil riachtanais speisialta acu. Nuair a thagann cásanna mar seo chun cinn, braitheann na príomhoidí go bhfuil siad fágtha i suíomh go mbíonn orthu rogha a dhéanamh idir leas an pháiste atá i gceist agus leas na bpáistí eile sa rang/scoil agus leas na Gaeilge mar theanga na scoile.

Treisítear an tionchar a bhíonn ag an suíomh casta sochtheangeolaíoch seo de bharr:

- Nach bhfuil aon pholasaí soiléir ag go leor de na scoileanna a shonraíonn polasaí na scoile maidir leis na nithe atá i gceist agus nach bhfuil aon treoirlínte náisiúnta eisithe a chabhródh lena bpolasaí a leagan síos.
- Níl na múinteoirí féin oilte sna dea-chleachtais a bhaineann le córas tumoideachais a chur i bhfeidhm. Dá bharr sin, tá cleachtas ag múinteoirí áirithe iompú ar an mBéarla sa seomra ranga chun freastal ar riachtanais na ndaltaí a thagann isteach sa scoil gan aon Ghaeilge agus i scoileanna áirithe tá an bhéim ar Ghaeilge a mhúineadh do na leanaí sna bunranganna, seachas ar na leanaí a theagasc trí mheán na Gaeilge ón tús. Ina theannta sin, níl aon chóras i bhfeidhm i gcuid de na scoileanna leis na daltaí a spreagadh le Gaeilge a labhairt i dtimpeallacht na scoile.
- In éagmais polasaí agus treoirlínte náisiúnta a bheith ar fáil, mar atá luaite thuas, níl na scoileanna ná na múinteoirí soiléir faoin seasamh a bheidh acu féin má dhéanann siad iarracht polasaí gníomhach teanga a chur i bhfeidhm.
- De bharr go bhfuil na scoileanna chomh mór sin i dtuilleamaí áiseanna teagaisc agus ábhar léitheoireachta eile atá ar fáil i mBéarla amháin is deacra dóibh córas tumoideachais éifeachtach a chur i bhfeidhm.

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 13

4. DALTAÍ LE RIACHTANAIS SPEISIALTA

Léirigh na príomhoidí agus na múinteoirí ar chas muid leo sna cruinnithe fócais an-mhíshástacht agus an-mhíshuaimhneas maidir leis an bhfreastal atá á dhéanamh ar dhaltaí le riachtanais speisialta i scoileanna Gaeltachta. Is cosúil, ó na tuairiscí a tháinig ó na múinteoirí agus ó chuid de na tuismitheoirí sna cruinnithe fócais go bhfuil na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do dhaltaí le riachtanais speisialta chomh Béarla-lárnaithe sin, go bhfuil neamhaird iomlán á dhéanamh ar an gcomhthéacs dátheangach agus/nó Gaeilge-larnaithe ina bhfuil leanaí Gaeltachta ag maireachtáil. Tuairiscíodh sna cruinnithe fócais, mar shampla:

- Cásanna ina raibh, dár leis na múinteoirí, tástálacha neamhbhailí curtha ar leanaí agus torthaí neamhbhailí maidir le cumas agus riachtanais an pháiste curtha ar fáil don scoil agus do thuismitheoirí.
- Comhairle curtha ar an scoil agus ar thuismitheoirí Béarla amháin a úsáid le páistí, beag beann ar riachtanais Ghaeilge an phaiste, i bhfianaise gurb í an Ghaeilge teanga na scoile agus/nó teanga an teaghlaigh.
- Go dtugtar díolúine ó mhúineadh na Gaeilge do dhaltaí áirithe le riachtanais speisialta, in ainneoin gurb í an Ghaeilge teanga teagaisc na scoile ar a bhfuil an dalta ag freastal.
- Go gcuirtear comhairle ar scoileanna, i gcásanna áirithe, cloí le Béarla amháin le páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta. I gcásanna áirithe is í an chomhairle a fhaigheann an scoil ná gur chóir cloí le 'teanga amháin' ach, dar leis na múinteoirí, fiú sna cásanna seo: 'cé nach ndeirtear cén teanga atá i gceist, bíonn sé soiléir gur Béarla atá i gceist'.
- Thuairisc tuismitheoir amháin a raibh leanbh aige/aici le riachtanais speisialta go ndúirt an saineolaí a bhí ag plé leis an gcás leis/léi 'gurb é an rud is measa a rinne mé ariamh ná mo ghasúr a chur chuig scoil a bhí ag múineadh trí Ghaeilge'.

Bhí na múinteoirí thar a bheith míshásta leis an gcóras agus na huirlísí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar pháistí i scoileanna Gaeltachta. Dar leo, níl na tástálacha atá in úsáid oiriúnach do chainteoirí Gaeilge – 'Ní fiú uisce na bhfataí iad' mar a deir múinteoir amhain. Tá tástálacha á ndéanamh trí Bhéarla ar chainteoirí dúchais Gaeilge ó rang a haon ar aghaidh, rud a fhágann go bhfuil breithiúnas á dhéanamh ar chumas na ndaltaí sin trí thástáil a dhéanadh air/uirthi sa dara teanga. I gcásanna áirithe, ní bheadh aon Bhéarla nó is beag Béarla a bheadh ag cuid de na leanaí atá i gceist. Ag cruinniú fócais amháin tugadh cur síos dúinn ar leanbh amháin nach raibh aon deacracht aige/aici le labhairt ná le léamh na Gaeilge ach a bhí ag fáil tacaíochta ó mhúinteoir acmhainne de bharr chomh dona agus a chruthaigh sé/sí sna tástálacha a déanadh air/uirthi sa Bhéarla.

Cuireann sé brú faoi leith ar na scoileanna freisin, mar atá luaite thuas, nuair a fhaigheann siad comhairle ó shíceolaithe gur chóir Béarla amháin a úsáid agus iad ag teagasc daltaí áirithe le riachtanais speisialta. Ní léir conas é seo a dhéanamh agus, ag an am céanna, freastal ar riachtanais theanga Ghaeilge na ndaltaí atá i gceist agus cloí leis na dea-chleachtais a bhaineann le hoideachas den scoth a chur fáil trí mheán na Gaeilge agus i dtimpeallacht lánGhaeilge do dhaltaí eile na scoile.

Tá na deacrachtaí seo treisithe go mór in éagmais aon treoirlínte chinnte a bheith ar fáil do scoileanna Gaeltachta maidir le raon leathan ceisteanna polasaí ar a n-áirítear treoir maidir le pointe tosaigh mhúineadh léitheoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla, agus gan aon soláthar a bheith sa chóras le tástáil a dhéanamh ar chumas na ndaltaí sa Ghaeilge féin, sa mhatamaitic trí mhéan na Gaeilge, ná sa mBéarla mar dhara teanga. Ina theannta sin, ní hé an polasaí céanna atá á leanacht ag gach scoil maidir leis an mhúinteoireacht acmhainne agus tacaíochta. Thuairisc cuid de na scoileanna go raibh polasaí ag a scoil go ndéantar an mhúinteoireacht acmhainne agus tacaíochta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, ach níl an polasaí seo á chleachtadh ag gach scoil.

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 14

Sa phlé a bhí againn le múinteoirí tacaíochta agus acmhainne i ngrúpa fócais amháin léirigh siadsan freisin míshástacht agus míshuaimhneas leis an gcóras faoina raibh siad ag feidhmiú. Mheas siad gur léir ón treoir a thagann ó na síceolaithe go bhfuil an bhéim ar fad ar an mBéarla agus go ndéantar neamhaird ar thábhacht na Gaeilge mar theanga bhaile na bpáistí agus mar theanga teagaisc agus chaidrimh na scoile. Dúirt siad freisin go mbraitheann siad féin nach bhfuil siad sách eolach ná sách oilte sna réimsí seo chun breithiúnas a thabhairt, fiú nuair atá amhras orthu faoin gcomhairle atá ag teacht ó na síceolaithe. I gcásanna áirithe, comhairlíonn na síceolaithe gur chóir cloí le teanga amháin leis an bpáiste, agus cé nach mbíonn siad sásta a rá cén teanga, bíonn sé soiléir gur Béarla atá i gceist acu. Dar leo, tá na síceolaithe ag déanamh neamhaird iomlán ar an bhfíric go bhfuil leanaí Gaeltachta ag maireachtáil i sochaí dátheangach agus dá réir sin, gur gá cumas an pháiste sa dá theanga a fhorbairt agus gur ag cur leis an míbhuntáiste seachas a mhalairt atáthar má táthar ag díriú ar fhorbairt chumas an pháiste i dteanga amháin seachas sa dá theanga.

Mheas siad freisin, gur deacracht é nach bhfuil cáilíocht faoi leith riachtanach le bheith ag feidhmiú mar mhúinteoir acmhainne/tacaíochta agus, pé scéal é, nach bhfuil aon soláthair déanta sna cúrsaí iarchéime atá ar fáil sa réimse do na riachtanais atá ag leanaí le riachtanais speisialta atá á dtógáil le Gaeilge agus/nó atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge. I measc na moltaí a bhí ag na múinteoirí acmhainne agus ag múinteoirí eile i dtaca leis an réimse seo, bhí:

- Go bhfostódh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta saineolaí sa réimse oideachais/síceolaíochta/teiripe urlabhra a bheadh ábalta comhairle a chur ar fáil don tSeirbhís Síceolaíochta agus do na seirbhísí sláinte maidir leis na riachtanais faoi leith atá ag leanaí le riachtanais speisialta atá á dtógáil le Gaeilge agus/nó ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge. Moladh freisin go mbeadh an duine seo ar fáil leis an 'dara tuairim' agus comhairle ghinearálta a chur ar fáil do phríomhoidí sa chás go raibh amhras orthu faoin gcomhairle nó faoin gcur chuige a bhí in úsáid ag saineolaithe eile a bhíonn ag plé leis an scoil. D'fhéadfadh an duine seo feidhmiú mar áisitheoir freisin chun na múinteoiri tacaíochta agus acmhainne a thabhairt le chéile, chun cúrsaí inseirbhíse a chur ar fáil dóibh agus iad a choinneáil ar an eolas faoin taighde is deireanaí sa réimse.
- Go dtionscnódh an Chomhairle clár forbartha oiliúna agus áiseanna don réimse seo.
- Go mbunóidh an Chomhairle gréasán náisiúnta do mhúinteoirí tacaíochta foghlama agus acmhainne Gaeltachta. Mhol siad tús a chur leis seo trí sheimineár deireadh seachtaine a eagrú san Fhómhar.

5. TÉACSLEABHAIR AGUS ÁISEANNA TEAGAISC

Mar atá tuairiscithe i Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta [2004] bhraith formhór na múinteoirí a ghlac páirt sna cruinnithe fócais gurb é an rud is mó atá de dhíth orthu chun gur féidir leo teagasc go héifeachtach trí Ghaeilge sna scoileanna ná téacsleabhair agus áiseanna teagaisc oiriúnacha i nGaeilge. Luaigh siad go bhfuil géarchéim ann go háirithe chomh fada agus a bhaineann sé le háiseanna teagaisc agus ábhar léitheoireachta i nGaeilge do na hardranganna ag an mbunleibhéal agus don dara leibhéal. Arís, ní hé an easpa áiseanna amháin an fhadhb dar leo – níl siad sásta go bhfuil an beagán áiseanna atá ar fáil oiriúnach ach oiread. Thuairisc siad go mbíonn an Ghaeilge a bhíonn iontu ródheacair, níl dóthain ábhar ar fáil i gcanúint na bpáistí, bíonn an t-ábhar gearrshaolach [póstaeirí, bileoga le tabhairt amach sa rang &rl.] beagnach ar fad i mBéarla, níl dóthain ábhar 'nua-aimseartha' ar fáil i nGaeilge, agus ní bhíonn siad ar an eolas faoin ábhar atá ar fáil i nGaeilge. Toradh amháin atá ar an staid mar atá, dar le cuid de na múinteoirí, go mbíonn dhá cheacht le múineadh ag an múinteoir agus é/í ag úsáid téacs Gaeilge i.e. 'ar dtús bíonn ort an ceacht teanga a mhúineadh agus ansin an ceacht a bhaineann leis an ábhar.' Bhí cuid de na múinteoirí den

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 15

tuairim freisin, nárbh fhiú áiseanna teagaisc a chur ar fáil do scoileanna i bhfoirm leictreonach mura mbeadh an trealamh agus na hacmhainní foirne cuí ar fáil sna scoileanna chun iad a phriontáil agus a cheangal.

6. SCÉIM NA GCÚNTÓIRÍ TEANGA

Léirigh na príomhoidí agus na múinteoirí ar fad a bhí rannpháirteach sna cruinnithe fócais, fiú iad siúd atá i bhfeighil nó ag múineadh i scoileanna atá ag múineadh trí Bhéarla, a sástacht le Scéim na gCúntóirí Teanga agus bhí éileamh láidir uathu go ndéanfaí an Scéim a fhorbairt chun go mbeadh na cúntóirí ar fáil sna scoileanna i rith na scoilbhliana ar fad agus ar bhonn lánaimseartha.

7. TÚS NA LÉITHEOIREACHTA

Dúirt na príomhoidí agus na múinteoirí go raibh siad an-éiginnte faoi cén uair ba cheart dóibh tosú ar léitheoireacht na Gaeilge agus an Bhéarla. Níl aon treoir chinnte ar fáil dóibh bealach amháin ná bealach eile agus níl fhios acu cén bunús ba chóir a bheith leis an gcinneadh. Is cosúil go bhfuil brú á chur ar chuid de na scoileanna ag na cigirí tosú ar mhúineadh an Bhéarla i rang na naíonáin mhóra.

8. SCOILEANNA BEAGA

Léirigh cuid de na múinteoirí a míshuaimhneas faoi chumas na scoileanna beaga a bhfuil siad ag múineadh iontu an curaclam bunscoile a sheachadadh ina iomláine. Dúirt múinteoir amháin gurb é a tuairim nach raibh na scoileanna beaga ábalta an curaclam iomlán a theagasc ach nach raibh múinteoirí sásta é sin a rá go hoscailte agus nach 'bhfuil aon duine againn sásta a rá, mar dhaoine gairmiúla, nach bhfuil aon 'job satisfaction' le fáil as a bheith ag múineadh i scoil bheag dhá oide.' Sa phlé a déanadh ar an gceist seo sna cruinnithe fócais, áfach, bhí na príomhoidí agus na múinteoirí den tuairim gur ceist chasta a bhí inti seo a mbeadh sé deacair réiteach a fháil uirthi, agus gur ceist pholasaí í a bhain go príomha leis na boird bhainistíochta.

9. TEAGMHÁIL LE SCOILEANNA EILE

Ba léir go raibh an-fhonn ar na príomhoidí agus na múinteoirí a bhí rannpháirteach sna grúpaí fócais go mbeadh deis acu bualadh go rialta le príomhoidí agus múinteoirí Gaeltachta eile, trí fhreastail ar ócáidí eagraithe nó trí chuairt a thabhairt ar scoileanna eile. Bhí an tuairim go láidir ina measc go mbeadh sé tairbheach dóibh, ach an t-am a bheith curtha ar fáil chuige, cuairt a thabhairt ar scoileanna Gaeltachta eile agus ar ghaelscoileanna, chun staidéar a dhéanamh ar na háiseanna teagaisc agus ar na cur chuigí éagsúla atá in úsáid acu. Bhí siad den tuairim freisin gur chóir go mbeadh teagmháil rialta idir na príomhoidí agus ag na múinteoirí go réigiúnda agus go náisiúnta.

10. GNÉITHE SONRACHA A BHAINEANN LE SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL

Reáchtáladh cruinniú fócais amháin do phríomhoidí agus do mhúinteoirí ó scoileanna dara leibhéal Gaeltachta le plé a dhéanamh ar na deacrachtaí faoi leith atá acu. Tugadh cuireadh do na príomhoidí dara leibhéal ar fad a bheith i láthair ag an gcruinniú fócais seo. Pléadh go leor de na ceisteanna atá pléite thuas ag an gcruinniú fócais seo freisin agus is léir go bhfuil cuid mhaith de na dúshláin chéanna le sárú ag na hiar-bhunscoileanna agus atá ag na bunscoileanna.

Thuairisc cuid de na príomhoidí go raibh polasaí an-daingean ag a scoil gur scoil Ghaeltachta í agus go bhfuil siad ag teagasc trí Ghaeilge. I gcás cuid de na scoileanna seo, dúirt na príomhoidí gurb í an Ghaeltacht an t-aon rêason d'être a bhí le hiad a bheith ann in aon chor – ach amháin go raibh siad lonnaithe i gceantar Gaeltachta bheadh an scoil róbheag le bheith inmharthana – agus ar an gcúis sin amháin go gcaithfidís a bheith tiomanta don teagasc trí Ghaeilge. Arís, cosúil leis na scoileanna bunleibhéal bíonn deacracht ag na scoileanna dara leibhéal déileáil le daltaí a bhogann isteach sa Ghaeltacht ó áiteanna eile in Éirinn nó thar lear. Thuairisc príomhoide amháin go dtagann tuismitheoirí atá tar éis bogadh isteach sa cheantar chuig an

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 16

scoil ó am go chéile agus iad ag súil go bhféadfadh an scoil a gcuid leanaí a theagasc trí Bhéarla, ach go gcuirtear in iúl dóibh gur scoil Ghaeltachta í agus gurb é polasaí na scoile teagasc trí Ghaeilge agus nach féidir leo na daltaí a theagasc trí Bhéarla. Cuireann sé seo iontas ar go leor de na tuismitheoirí atá i gceist ar dtús, ach comhairlítear dóibh go mb'fhéidir nach í an scoil sin is oiriúnaí dá gcuid leanaí agus gur chóir dóibh iad a chur chuig scoil éigin eile. Go hiondúil, ní hacmhainn do na tuismitheoirí atá i gceist é sin a dhéanamh agus freastalaíonn a gcuid leanaí ar an scoil pé scéal é. Mheas an príomhoide go mbíonn deacrachtaí ag cuid de na daltaí seo ach go n-éiríonn lena bhformhór 'an-dul chun cinn a dhéanamh.'

Bhí na príomhoidí den tuairim nach mbíonn mórán deacrachtaí oideachais, go hiondúil, ag daltaí cumasacha a thagann chun na scoile agus iad ar bheagán Gaeilge, ach go mbíonn dúshláin mhóra le sárú ag daltaí laga má thagann siad go dtí scoil dara leibhéal Gaeltachta agus iad gan Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge. 'Na daltaí atá láidir éireoidh leo faoi aon chóras – is iad na daltaí laga an dream a mbíonn deacracht acu' – mar a deir príomhoide amháin. In amanna fágtar ar lár na daltaí nach mbíonn ábalta coinneáil suas agus déantar faillí orthu – caithfidh na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta freastal ar na daoine is laige sa phobal, cuma ar Ghaeilge nó Bhéarla atá acu.

Tá dúshlán faoi leith le sárú ag cuid de na scoileanna dara leibhéal sa Ghaeltacht de bharr iad a bheith ag freastal ar abhantrach a bhfuil cuid shubstaintiúil de lasmuigh den Ghaeltacht. Thuairisc príomhoide ó scoil amháin atá ag feidhmiú mar seo go raibh deacracht acu i gcónaí daltaí a tháinig chucu ó scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht a chur ag labhairt Gaeilge i dtimpeallacht na scoile. Dúirt sé freisin gur dúshláin faoi leith do na daltaí seo na hábhair dara leibhéal a dhéanamh trí Ghaeilge agus, ó am go chéile, go dtagann éileamh uathu ar na hábhair a dhéanamh trí Bhéarla, de bharr go mbíonn sé ródheacair dóibh iad a dhéanamh trí Ghaeilge. I gcásanna mar seo mheas sé go mbíonn faillí á dhéanamh ar na daltaí atá i gceist. Mheas sé nach raibh sé réalaíoch a bheith ag súil go bhféadfadh scoil amháin oideachas den scoth a chur ar fáil trí Ghaeilge do na daltaí Gaeltachta agus oideachas den scoth a chur ar fáil trí Bhéarla do na daltaí ar bheagán Gaeilge ó lasmuigh den Ghaeltacht ag an am céanna – go háirithe gan na háiseanna teagaisc cuí a bheith ar fáil i nGaeilge.

Léirigh an taighde ar Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta [2004] go bhfuil ar a laghad 8 gcinn de na hiar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht atá ag teagasc trí Bhéarla amháin nó trí Bhéarla den chuid is mó. Thuairisc múinteoir ó cheann amháin de na scoileanna seo go ndéanann siad iarracht cuid de na hábhair a theagasc trí Ghaeilge ó am go chéile ach go bhfuil sé dódhéanta acu sin a dhéanamh de bharr nach bhfuil téacsleabhair oiriúnacha ar fáil.

Tuairiscíodh sa taighde ar Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta [2004], go mbíonn deacrachtaí ag breis agus dhá thrian de na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta múinteoirí a earcú atá ábalta teagasc trí Ghaeilge. Sa phlé faoin gceist seo sna grúpaí fócais, mhínigh na príomhoidí nach mbíonn mórán deacrachtaí le múinteoirí le Gaeilge aimsiú d'ábhair áirithe, mar shampla, Gaeilge, Stair agus Tíreolaíocht, ach go bhfuil sé beagnach dódhéanta múinteoirí le Gaeilge a fháil d'ábhair eile, mar shampla na hábhair eolaíochta agus phraiticiúla. Bhíodar den tuairim, freisin, go bhfuil gá le níos mó cúrsaí inseirbhíse sa Ghaeilge agus trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí atá ag múineadh sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta.

Léirigh na príomhoidí agus na múinteoirí a míshástacht lena laghad áiseanna teagaisc atá ar fáil trí Ghaeilge do na hábhair dara leibhéal. Ceann de na deacrachtaí sonracha a luaigh siad is ea go mbíonn moill chomh mór sin ag baint le téacsleabhair suas chun dáta a aistriú, go mbíonn siad as dáta arís, faoin am go mbíonn an leagan Gaeilge ar fáil. Ina fhianaise seo, moladh go mbreathnófaí ar na féidearthachtaí a bhaineann le hábhar a chur ar fáil i bhfoirm fillteáin sa chaoi go bhféadfaí é a thabhairt suas chun dáta de réir a chéile agus é a choinneáil suas chun dáta go héasca. Ina theannta sin, bhí cuid de na príomhoidí dara leibhéal den tuairim go raibh taithí níos mó ag an nglún múinteoirí níos sine ar a bheith ag léamh agus ag úsáid téacsanna Gaeilge. Is ábhar i nGaeilge den chuid is mó a chleacht siad féin ag dul tríd an gcóras dara leibhéal agus an gcóras tríú leibhéal. Níl an taithí chéanna sin ag múinteoirí níos óige a bheith ag úsáid ábhar i

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 17

nGaeilge agus dá réir sin mheas siad go bhfuil cuid mhaith acu níos compórdaí ag úsáid ábhar i mBéarla.

Bhí na príomhoidí dara leibhéal go láidir den tuairim gur chóir go mbeidís i dteagmháil níos rialta le chéile agus chuige sin mhol siad go mbreathnófaí ar na féidearthachtaí a bhaineann le cumann príomhoidí dara leibhéal Gaeltachta a bhunú. Moladh go sonrach go dtabharfadh an Chomhairle le chéile na príomhoidí dara leibhéal arís le haghaidh seimineár deireadh seachtaine san Fhómhar, chun na críche seo.

11. ÉIGINNTEACHT POLASAÍ AG AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

Ceannde na rudaí is láidre a tháinig trasna sna cruinnithe fócais is ea go bhfuil éiginnteacht le brath ag gach leibhéal agus i ngach réimse den chóras oideachais sa Ghaeltacht faoi cheisteanna a bhaineann le polasaithe oideachais agus teanga. Is léir go mbraitheann na príomhoidí agus na múinteoirí go bhfuileadar fágtha leo féin agus nach bhfuil aon pholasaí soiléir curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le scoileanna Gaeltachta a bheadh mar fhráma tagartha agus mar threoir dóibh. Ar an lámh eile tá na tuismitheoirí éiginnte faoina gcearta féin ar oideachas den scoth trí mheán na Gaeilge - i scoileanna lánGhaeilge - a bheith ar fáil dá gclann. Seo a leanas cuid de na ceisteanna a pléadh le linn na gcruinnithe fócais a bhfuil sé deacair ag na scoileanna aon réiteach sásúil a fháil orthu in éagmais polasaí agus treoirlínte náisiúnta a bheith leagtha síos ina leith a chuireann san áireamh riachtanais teanga agus oideachais scoileanna Gaeltachta:

- Cén uair ba chóir tús a chur le léitheoireacht na Gaeilge agus léitheoireacht an Bhéarla do chainteoirí dúchais Gaeilge.
- Polasaí iontrála scoile do dhaltaí nach bhfuil Gaeilge acu nó atá ar bheagán Gaeilge a bhíonn ag tosú i scoileanna Gaeltachta ó Rang a hAon ar aghaidh.
- Polasaí iontrála scoile do dhaltaí nach bhfuil Gaeilge acu nó atá ar bheagán Gaeilge agus/nó a fuair a gcuid bunoideachais trí Bhéarla atá ag iarraidh freastal ar scoileanna dara leibhéal sa Ghaeltacht.
- Conas déileáil le daltaí le riachtanais speisialta a bhfuil molta ag saineolaithe cuí dá gcuid múinteoirí agus dá dtuismitheoirí gur chóir cloí le teanga amháin, eadhon Béarla, leo sa bhaile agus/nó sa scoil.
- Tacaíocht sa Ghaeilge agus trí Ghaeilge do dhaltaí le riachtanais speisialta.
- Conas siollabas an Bhéarla a chur in oiriúint do dhaltaí atá ag foghlaim an Bhéarla mar dhara teanga.
- Conas déileáil le seirbhísí tacaíochta a úsáideann tástálacha mí-oiriúnacha chun tástáil a dhéanamh ar chainteoirí dúchais Gaeilge.
- Conas déileáil le cuairteoirí gan Ghaeilge a thagann ar ghnó oifigiúil chun na scoile.
- Cearta tuismitheoirí a lorgaíonn oideachas trí mheán an Bhéarla dá leanaí.
- Cearta tuismitheoirí atá ag lorg oideachais trí Ghaeilge dá leanaí, agus atá ina gcónaí i gceantar Gaeltachta nach bhfuil bunoideachas agus/nó iar-bhunoideachas trí mheán na Gaeilge ann.
- Céard is cóir do scoil a dhéanamh nuair nach féidir leo múinteoir le Gaeilge a aimsiú d'ábhair faoi leith.
- Conas déileáil le múinteoirí atá ag múineadh i scoileanna Gaeltachta agus nach bhfuil dóthain Gaeilge acu chun teagasc trí Ghaeilge.
- Céard iad na gnéithe is cóir a bheith clúdaithe i bpolasaí teanga na scoile.
- Treoirlínte a léireodh na dea-chleachtais gur chóir a bheith i bhfeidhm chun córas tumoideachais a fheidhmiú go héifeachtach.

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 18

Is cosúil gur toradh amháin atá ar an éiginnteacht polasaí seo, ná go dtreisíonn sé an brú atá ar scoileanna dul i dtreo an Bhéarla. Nuair a thagann cásanna nó ceisteanna faoi leith chun cinn ina mbraitear coimhlint idir polasaí Gaeilge na scoile agus ceisteanna polasaí eile, níl aon treoir ar fáil do na príomhoidí a shoiléiríonn cén seasamh is cóir nó is féidir leo glacadh nuair a theastaíonn uathu tús áite a thabhairt do pholasaí teanga na scoile. Sampla dó seo is ea an deacracht a bhíonn ag príomhoidí le daltaí gan Ghaeilge a bhíonn ag iarraidh tosú i scoileanna Gaeltachta ó na hardranganna bunscoile ar aghaidh. Aithníonn na príomhoidí nár chóir dóibh iompú ar theagasc trí Bhéarla nó go dátheangach ar mhaithe leis na daltaí seo, ach bíonn deacracht acu iad a theagasc trí Ghaeilge de bharr nach bhfuil Gaeilge acu agus ní heol dóibh cén seasamh dlíthiúil a bheadh acu dá ndiúltódh siad glacadh le daltaí den chineál seo. Is iondúil gurb é an toradh a bhíonn ar chás den chineál seo, go nglactar leis an dalta gan aon socrú sásúil a bheith déanta chun freastal air/uirthi trí Ghaeilge agus go dtreisítear úsáid an Bhéarla mar mheán teagaisc agus mar mheán caidrimh i measc na ndaltaí eile dá bharr. Bíonn deacracht den chineál céanna ag scoileanna i gcás daltaí le riachtanais speisialta a mbíonn comhairle faighte ó shíceolaithe ina leith gur chóir dóibh cloí le teanga amháin, eadhon Béarla, ina dteagasc.

In éagmais polasaithe cuimsitheacha soiléire a bheith ann ag an leibhéal náisiúnta braitheann cuid de na príomhoidí agus de na múinteoirí go bhfuil an 'bearna' á líonadh ag polasaí neamh-ráite ina dtugtar tús áite don Bhéarla agus go nglactar leis gur tábhachtaí do na daltaí Béarla a bheith acu ná Gaeilge agus gur féidir déanamh d'uireasa na Gaeilge.

12. ÉIGINNTEACHT POLASAÍ AG LEIBHÉAL NA SCOILE

In eagmais polasaí soiléir a bheith ar fáil ag an leibhéal náisiúnta, is deacair a bheith ag súil leis go mbeadh polasaithe soiléire i bhfeidhm ag leibhéal na scoile ach oiread. Léirigh an taighde ar Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta nach raibh ach líon beag scoileanna a raibh polasaí cuimsitheach Gaeilge acu. Threisigh an phlé leis na grúpaí fócais an pointe seo. Is léir ón bplé leis na múinteoirí agus leis na tuismitheoirí nach bhfuil polasaí sonraithe Gaeilge ag formhór na scoileanna. Is iondúil go mbíonn polasaí ag scoileanna 'gach rud a dhéanamh trí Ghaeilge' ach in éagmais aon rud níos sonraithe ní bhíonn aon treoir ar fáil do phríomhoidí agus do mhúinteoirí nuair a thagann brú ó thuismitheoirí, ó chuairteoirí chun na scoile, agus ó sheirbhísí tacaíochta oideachais agus sláinte géilleadh don Bhéarla.

Treisíonn sé seo ar an éiginnteacht atá sa chóras cheana féin de bharr an easpa polasaí agus treoirlínte soiléir ag an leibhéal náisiúnta. Mar shampla, thuairisc scoil amháin nach rabhadar soiléir faoin seasamh a d'fhéadfaidís glacadh sa chás go raibh post fógraithe acu agus nár chuir ach múinteoir cáilithe amháin isteach air agus nach raibh Gaeilge líofa ag an duine sin. An mbeadh sé sé de cheart ag an scoil gan an post a thairiscint dó/di? Caithfear leigheas a fháil ar an gcineál seo éiginnteachta trí pholasaí agus treoirlínte soiléire do scoileanna Gaeltachta a leagan síos ag an leibhéal náisiúnta, agus a chinntiú go bhfuil polasaí teanga cinnte ag gach scoil a thugann feidhm don pholasaí agus do na treoirlínte sin.

Is léir go mbraitheann go leor ar dhearcadh an phríomhoide agus ar thuiscint an phríomhoide ar conas córas tumoideachais a riaradh i scoil. Thuairisc príomhoide amháin go raibh an scoil ina raibh sí/sé féin ag obair ag druidim i dtreo an Bhéarla nuair a ceapadh mar phríomhoide é/í, ach rinneadh foireann na scoile cinneadh seasamh leis an teagasc trí Ghaeilge agus tá pé éiginnteacht a bhí faoi pholasaí na scoile roimhe seo imithe anois. Thuairisc príomhoide eile atá i scoil atá i gCatagóir C, go ndearna an príomhoide a bhí sa scoil roimhe/roimpi cinneadh teagasc trí mheán an Bhéarla de bharr gur mheas sé/sí nach raibh dóthain Gaeilge ag na páistí leis na hábhair a thuiscint trí Ghaeilge. I gcás scoile eile, d'admhaigh an príomhoide go raibh polasaí an-soiléir ag an scoil agus é scríofa síos, ach go raibh cuid den locht orthu féin mar mhúinteoirí de bharr go ngéilleann siad agus go labhraíonn siad Béarla leis na daltaí atá gan aon Ghaeilge nó ar bheagán.

Tháinig na moltaí seo a leanas ó na príomhoidí agus na muinteoirí a bhí rannpháirteach sna grúpaí fócais i dtaca le polasaithe Gaeilge sna scoileanna:

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 19

- Ba chóir go mbeadh polasaí cinnte ag scoileanna maidir le teanga teagaisc na scoile agus go leagfadh sé seo síos go soiléir gur Gaeilge amháin a bheadh á úsáid mar theanga teagaisc ón gcéad lá a thagann an páiste ar scoil.
- Bheadh sé an-úsáideach do na scoileanna dá mbeadh creatlach nó dréacht ar fáil dóibh a léireoidh an cineál polasaí scoile a bheadh inmholta mar dhea-chleachtas.
- Is cóir go gclúdódh an polasaí Gaeilge a bhíonn ag scoileanna Gaeltachta gach gné d'obair na scoile – an mhúinteoireacht feabhais agus an mhúinteoireacht acmhainne, san áireamh.
- Sa chás go raibh scoil ag glacadh le cinneadh iompú ar theagasc trí mheán na Gaeilge go hiomlán, go mbeadh gá acu le hidirthréimhse chun é a chur i bhfeidhm i.e. is gá dóibh tosú le rang na naíonáin bheaga agus leanacht leo suas go dtí go mbeidh siad i rang 6.

13. MOLTAÍ

Tá na moltaí atá déanta sa tuarascáil Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta [2004] dírithe den chuid is mó ar na hathruithe struchtúir agus cur chuige gur gá a dhéanamh chun gur féidir tabhairt faoi fhorbairt na seirbhísí oideachais sa Ghaeltacht ar bhonn straitéiseach agus inbhuanaithe. Tá na moltaí seo a leanas á ndéanamh sa bhreis ar na moltaí sin. Is cóir breathnú ar na moltaí seo mar chéimeanna eatramhacha gur gá a ghlacadh sa ghearrthréimhse chun tacaíocht a chur ar fáil do na scoileanna agus mar chéad chéimeanna i gcur i bhfeidhm na moltaí atá déanta sa tuarascáil ar Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta. Tá sé mar aidhm ag na moltaí seo:

- Réiteach a fháil chomh luath agus is féidir ar chuid de na fadhbanna is géire atá ag cur laincís ar scoileanna Gaeltachta oideachas den scoth a chur ar fáil trí Ghaeilge i láthair na huaire; agus/nó
- Tús a chur le cuid den réamhobair ar na ceisteanna polasaí gur gá a réiteach le feidhm a thabhairt do na príomh-mholtaí atá déanta sa tuarascáil Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta [2004].

Ina theannta sin, níl caiteachas mór airgead i gceist le formhór na moltaí atá á dhéanamh sa tuarascáil seo, agus táthar ag súil dá réir sin go mbeifear ábalta gníomhú réasúnta láithreach orthu.

MOLADH 1:POLASAÍ AGUS TREOIRLÍNTE NÁISIÚNTA

Moltar go n-eiseoidh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta [An Chomhairle] meamram polasaí, le húdarás na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, do scoileanna bunleibhéil agus iar-bhunoideachais Ghaeltachta, a leagfaí síos polasaí, treoirlínte, agus critéir fheidhmithe maidir leis na ceisteanna polasaí seo a leanas:

- Cén uair ba chóir tús a chur le léitheoireacht na Gaeilge agus léitheoireacht an Bhéarla i scoileanna Gaeltachta.
- Polasaí iontrála do scoileanna Gaeltachta, i gcás daltaí nach bhfuil Gaeilge acu nó atá ar bheagán Gaeilge a lorgaíonn áit i scoileanna Gaeltachta ó Rang a hAon ar aghaidh.
- Polasaí iontrála do dhaltaí nach bhfuil Gaeilge acu nó atá ar bheagán Gaeilge agus/nó a fuair a gcuid bunoideachais trí Bhéarla atá ag iarraidh freastal ar scoileanna dara leibhéal sa Ghaeltacht. Moltar go mbeadh polasaí iontrála scoileanna dara leibhéal Gaeltachta coinníollach ar Ghaeilge a bheith mar theanga baile ag an dalta nó a c[h]uid bunoideachais a bheith faighte trí Ghaeilge aige/aici.

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 20

- An polasaí atá le cur i bhfeidhm i dtaca le freastal ar dhaltaí le riachtanais speisialta a bhfuil molta ag na saineolaithe cuí don scoil ar a bhfuil siad ag freastal gur chóir cloí le Béarla amháin ina dteagasc.
- An polasaí i dtaca leis an múinteoireacht acmhainne agus feabhais sa Ghaeilge agus trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta.
- Treoirlínte soiléire maidir le haidhmeanna agus cuspóirí shiollabas an Bhéarla i dtaca le daltaí atá ag foghlaim an Bhéarla mar dhara teanga.
- Treoirlínte soiléire maidir le haidhmeanna agus cuspóirí shiollabas na Gaeilge i dtaca le cainteoirí dúchais Gaeilge.
- Polasaí agus treoirlínte soiléir maidir le measúnaithe cumais agus eile a dhéantar ar chainteoirí dúchais Gaeilge i scoileanna Gaeltachta, i bhfianaise go bhfuiltear ag úsáid tástálacha atá i mBéarla agus atá bunaithe ar noirm chainteoirí dúchais Béarla faoi láthair.
- Treoirlínte maidir le cuairteoirí gan Gaeilge a thagann ar ghnó oifigiúil nó eile chuig scoileanna Gaeltachta.
- Polasaí maidir le conas a dhéanfar freastal ar chearta tuismitheoirí a lorgaíonn oideachas trí mheán an Bhéarla dá leanaí.
- Polasaí maidir le conas a dhéanfar freastal ar chearta tuismitheoirí atá ag lorg oideachas trí Ghaeilge dá leanaí, agus atá ina gcónaí i gceantar Gaeltachta nach bhfuil bunoideachas agus/nó iar-bhunoideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil ann.
- Céard iad na gnéithe is cóir a bheith clúdaithe i bpolasaí teanga na scoile.

MOLADH 2: TREOIRLÍNTE DO SCOILEANNA GAELTACHTA MAIDIR LE DEA-CHLEACHTAIS CUR I BHFEIDHM CÓRAS TUMOIDEACHAIS

Moltar go n-eiseodh an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta:

- Lámhleabhar agus treoirlínte a bheadh mar cháipéis thagartha do phríomhoidí Gaeltachta agus a léireodh na dea-chleachtais gur chóir a leanúint chun feidhm a thabhairt do chóras éifeachtach tumoideachais.
- Caipéis thagartha ina mbeadh leagan amach samplach ar pholasaí Gaeilge do scoileanna bunleibhéil agus dara leibhéal Gaeltachta agus ina mbeadh treoir tugtha faoin bpróiseas trína bhféadfadh scoil polasaí agus plean teanga a fhorbairt agus na céimeanna gur gá a ghlacadh le polasaí teanga scoile a chosaint agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

MOLADH 3: RÓL NA DTUISMITHEOIRÍ IN OIDEACHAS A BPÁISTÍ A FHORBAIRT

Moltar go dtabharfar faoi scéim a fhorbairt a mbeidh sé mar chuspóir leis ról thuismitheoirí Gaeltachta in oideachas a bpáistí a threisiú. Ba chóir go mbeidh dhá ghné shonracha sa scéim seo, ag brath ar an gceantar agus ar na tuismitheoirí a bheidh i gceist:

[i] I gcás tuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge ba chóir é a bheith mar chuspóir ag an scéim, tuiscint a thabhairt do na tuismitheoirí sin ar thábhacht a ról in oideachas a bpáistí agus ar an tacaíocht bhaile atá de dhíth má tá na leanaí le láintairbhe a bhaint as a gcuid blianta scolaíochta. Chuimseodh an scéim sa chás seo, mar shampla: na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi pholasaí Gaeilge na scoile agus faoi thábhacht a ról mar thuismitheoirí in oideachas a bpáistí; úsáid na Gaeilge i dtimpeallacht na

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 21

scoile agus sa bhaile; eolas faoi na físeáin, cluichí ríomhaireachta agus an t-ábhar leitheoireachta atá ar fáil i nGaeilge agus atá oiriúnach do na haoisghrúpaí éagsúla; conas cúrsaí teanga a láimhseáil nuair atá a gcuid leanaí ag meascadh le leanaí eile nach bhfuil Gaeilge á labhairt acu; tacaíocht bhaile don obair scoile; rannpháirtíocht in imeachtaí seach-churaclaim na scoile; ranganna Gaeilge do thuismitheoir atá ar bheagán Gaeilge agus seirbhís chomhairleach faoi úsáid na Gaeilge mar theanga baile.

[ii] I gcás tuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Béarla sa Ghaeltacht ba chóir é a bheith mar chuspóir ag an scéim, tuiscint a thabhairt do na tuismitheoirí ar thábhacht na Gaeilge mar theanga teagaisc na scoile agus ar an tacaíocht bhaile atá de dhíth ón scoil má tá na leanaí le lántairbhe a bhaint as an oideachas atá á chur ar fáil trí Ghaeilge dóibh. Chuimseodh an scéim sa chás seo: na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi pholasaí Gaeilge na scoile agus faoi thábhacht a ról mar thuismitheoirí in oideachas a bpáistí agus i gcumasú a gcuid páistí sa Ghaeilge; úsáid na Gaeilge i dtimpeallacht na scoile; scéim chun úsáid ócáidiúil na Gaeilge sa bhaile a spreagadh; tacaíocht bhaile don obair scoile; freastal ar imeachtaí seach-churaclam na scoile; ranganna Gaeilge do thuismitheoirí agus seirbhís chomhairleach faoi úsáid na Gaeilge mar theanga baile.

Moltar go ndéanfar an scéim seo a chomhnascadh le Scéim na gCúntóirí Teanga agus na Scéimeanna Cuairteoirí Baile atá á maoiniú cheana féin ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi láthair, agus go ndéanfar an obair a chomhtháthú in aon scéim amháin.

MOLADH 4: ATHBHREITHNIÚ AR NA SOCRUITHE RIARACHÁIN AGUS BAINISTÍOCHTA DO SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL ATÁ AG TEAGASC TRÍ GHAEILGE SA GHAELTACHT.

I bhfianaise a laghad de na scoileanna dara leibhéal sa Ghaeltacht atá ag teagasc go hiomlán trí Ghaeilge agus na dúshláin faoi leith atá le sárú ag na scoileanna seo de bharr an easpa áiseanna teagaisc i nGaeilge agus an ganntanas múinteoirí atá ábalta teagasc trí Ghaeilge, moltar go ndéanfar athbhreithniú ar na socruithe riaracháin agus bainistíochta atá ann do scoileanna dara leibhéal atá ag teagasc trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Go sonrach moltar:

- Go gcuirfear na scoileanna dara leibhéal Gaeltachta atá tiomanta don teagasc trí mheán na Gaeilge faoi scáth aon struchtúr riaracháin agus bainistíochta amháin.
- Go ndéanfar athbhreithniú ar pholasaithe iontrála scoileanna dara leibhéal Gaeltachta atá ag teagasc trí Ghaeilge agus a ghlacann le daltaí a thagann ó bhunscoileanna atá lasmuigh den Ghaeltacht. Moltar go bhféachfaí chuige go mbeadh polasaí iontrála ag na scoileanna seo a bheadh coinníollach ar bhunoideachas trí mheán na Gaeilge a bheith faighte ag na daltaí atá ag iarraidh freastal orthu agus/nó cumas ard a bheith acu sa Ghaeilge chun gur féidir leo lántairbhe a bhaint as oideachas trí mheán na Gaeilge agus gur féidir a bheith ag súil leis go mbeidh siad tiomanta d'úsáid na Gaeilge mar theanga chaidrimh i dtimpeallacht na scoile.

MOLADH 5: CLÁR FORBARTHA GHAIRMIÚIL NA COMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA

Moltar go dtionscnóidh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta clár leathan oiliúna

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 22

ionghairme do mhúinteoirí, do phríomhoidí, do chigirí agus do shaineolaithe eile a bhíonn ag obair le nó ag cur seirbhísí tacaíochta ar fáil do scoileanna Gaeltachta. Moltar go sonrach:

[i] Go dtionscnóidh An Chomhairle i gcomhar le hinstitiúid tríú leibhéal cuí cúrsa oiliúna iarchéime do phríomhoidí, do mhúinteoirí, do chigirí agus do shaineolaithe eile atá ag cur seirbhísí tacaíochta ar fáil do scoileanna Gaeltachta a mbeidh cáilíocht aitheanta tríú leibhéal ag dul leis agus a chuimseoidh inter alia na rudaí seo a leanas:

- Bunphrionsabail agus dea-chleachtais an tumoideachais.
- Polasaithe agus pleanáil teanga do scoileanna Gaeltachta/scoileanna lánGhaeilge.
- Curaclam na bunscoile/na hiar-bhunscoile i scoileanna Gaeltachta.
- Riachtanais dhaltaí le riachtanais speisialta i scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge.
- Áiseanna teagaisc agus foinsí tacaíochta eile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lánGhaeilge.
- Stair an chórais oideachais sa Ghaeltacht.

Moltar go mbeadh an cháilíocht seo riachtanach sa todhchaí do cheapachán mar phríomhoide nó mar mhúinteoir i scoileanna Gaeltachta.

[ii] Go dtionscnóidh An Chomhairle i gcomhar le hinstitiúid triú leibhéal cuí cúrsa iarchéime sa mhúinteoireacht feabhais a d'fheidhmeodh mar cháilíocht faoi leith do mhúinteoirí ar spéis leo dul ag múineadh mar mhúinteoirí acmhainne agus tacaíochta i scoileanna Gaeltachta nó i scoileanna lánGhaeilge.

[iii] Go dtionscnódh An Chomhairle gearrchúrsa ionduchtaithe do dhaoine ar mian leo cur isteach ar phoist mar phríomhoidí i scoileanna Gaeltachta. Moltar go gcuimseoidh an cúrsa seo, *inter alia*, na rudaí seo a leanas:

- Ról agus feidhmeanna an phríomhoide.
- Scileanna cinnireachta scoile.
- Prionsabail agus dea-chleachtais an tumoideachais.
- Pleanáil scoile agus pleanáil teanga i scoileanna Gaeltachta.

[iv] Go gcuirfidh An Chomhairle cúrsa deireadh seachtaine bliantúil ar fáil do dhaoine atá ag feidhmiú mar bhaill de bhoird bhainistíochta a chuimseoidh *inter alia* na rudaí seo a leanas:

- Ról, feidhmeanna agus cúraimí an bhoird bainistíochta.
- Ról an bhoird bhainistíochta i bpleanáil oideachais an phobail.
- Polasaithe agus pleanáil teanga i scoileanna Gaeltachta.
- Bunphrionsabail an tumoideachais.

[v] Go dtionscnóidh An Chomhairle clár malartuithe scoile a chuirfidh ar chumas phríomhoidí agus mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lánGhaeilge malartú a dhéanamh le príomhoidí agus múinteoirí i scoileanna eile ar feadh tréimhse míosa.

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 23

MOLADH 6: AN TSEIRBHÍS TACAÍOCHTA DO DHALTAÍ LE RIACHTANAIS SPEISIALTA.

[i] Moltar go bhfostóidh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta saineolaí sinsearach sa réimse oideachais/síceolaíochta/ teiripe urlabhra a bheidh ábalta:

- Comhairle a chur ar fáil don tSeirbhís Síceolaíochta agus do na seirbhísí sláinte maidir leis na riachtanais faoi leith atá ag leanaí le riachtanais speisialta atá á dtógáil le Gaeilge agus/nó atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge.
- An 'dara tuairim' a chur ar fáil do phríomhoidí i gcásanna go mbíonn amhras orthu faoin gcomhairle a fhaightear i leith dhaltaí faoi leith ó shaineolaithe eile atá ag obair le daltaí ar chainteoirí ó dhúchais iad agus/nó atá ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge, nó i gcásanna go mbíonn amhras orthu faoi oiriúnacht an chur chuige atá in úsáid le daltaí den chineál seo a mheas.
- Feidhmiú mar áisitheoir chun na múinteoiri tacaíochta agus acmhainne atá ag obair i scoileanna Gaeltachta a thabhairt le chéile, chun cúrsaí inseirbhíse a chur ar fáil dóibh agus chun iad a choinneáil ar an eolas faoin taighde is deireanaí sa réimse seo.

[ii] Moltar go dtionsncóidh An Chomhairle clár taighde agus clár forbartha áiseanna sa réimse seo.

[iii] Moltar go mbunóidh An Chomhairle gréasán náisiúnta do mhúinteoirí acmhainne agus tacaíochta foghlama Gaeltachta. Moltar seimineár a eagrú san Fhómhar do na múinteoirí atá i gceist chun na críche seo.

MOLADH 7: GRÉASÁN NÁISIÚNTA DO PHRÍOMHOIDÍ GAELTACHTA

Moltar go mbunófar gréasán náisiúnta do phríomhoidí bunleibhéal agus dara leibhéal Gaeltachta. Moltar seimineár do na príomhoidí a eagrú san Fhómhar chun na críche seo.

MOLADH 8: SEIRBHÍS TACAÍOCHTA DO MHÚINTEOIRÍ ÁBHAIR AG AN DARA LEIBHÉAL

Chun dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhaineann le teagasc na n-ábhar éagsúla trí Ghaeilge ag an dara leibhéal, moltar go gceapfaidh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta comhordaitheoir ábhar do na príomhábhair atá á múineadh i scoileanna dara leibhéal Gaeltachta, agus go bhfeidhmeoidh na Comhordaitheoirí Ábhar seo:

[i] Mar áisitheoirí chun na múinteoirí ábhair a thabhairt le chéile chun na críche seo a leanas:

- A bheith páirteach i seimineáir a bhaineann leis an ábhar agus le modhanna teagaisc an ábhair trí mheán na Gaeilge.
- Plé a dhéanamh ar fhorbairtí nua san ábhar agus ar áiseanna teagaisc nua atá ar fáil san ábhar.
- Áiseanna teagaisc a fhorbairt sna hábhair éagsúla.

[ii] Cúrsaí ionghairme a chur ar fáil do na múinteoirí ábhair.

[iii] Chun riaradh a dhéanamh ar phainéal de mhúinteoirí ionadaíocha atá ar fáil chun ionadaíocht a dhéanamh i scoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge.

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 24

MOLADH 9: AN SOLÁTHAR D'ÁBHAR LÉITHEOIREACHTA I NGAEILGE

Chun dul i ngleic leis an mbearna atá sa soláthar atá ar fáil do scoileanna:

- d'ábhar léitheoireachta oiriúnach i nGaeilge do na haoisghrúpaí éagsúla;
- d'ábhar léitheoireachta atá bunaithe ar litríocht áitiúil na gceantar Gaeltachta;
- d'ábhair léitheoireachta sna canúintí áitiúla; moltar:

[i] Go bhfoilseofar cnuasaigh d'ábhar léitheoireachta Gaeilge [i bhfoirm leictreonach ar dtús] atá oiriúnach do na haoisghrúpaí éagsúla i scoileanna Gaeltachta agus a chuirfidh béim ar litríocht áitiúil na gceantar Gaeltachta. Moltar go mbeidh an t-ábhar seo ar fáil do scoileanna tríd an idirlín agus go mbeidh deis ag múinteoirí agus ag foilsitheoirí cur leis an ábhar de réir a chéile.

[ii] Go gcuirfear catalóg ar fáil den ábhar atá foilsithe agus ar fáil cheana féin agus atá oiriúnach mar ábhar léitheoireachta Gaeilge do na haoisghrúpaí éagsúla i scoileanna Gaeltachta. Moltar go mbeidh an t-ábhar seo ar fáil tríd an gcóras dáileacháin áiseanna teagaisc atá molta faoi mhír 15.5 den tuarascáil ar Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta [2004].

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 25

report 06aColourQ4 26/1/06 11:01 AM Page 26